C/2026/1793

23.3.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2026

lena mbunaítear liosta de thásca geografacha atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh a gcláraithe idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/1793)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, i mí na Samhna 2025 agus i mí Eanáir 2026, d'iarr Ballstáit áirithe ar an gCoimisiún 22 ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ('ATFCanna'), thásc gheografacha faoi chosaint ('TGFCanna') agus thásc gheografacha ('TGanna') de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta, arb ATFCanna, TGFCanna agus TGanna iad ar de thionscnamh a gcríche iad agus atá faoi chosaint faoi dhlí an Aontais.

(2) Ar bhonn iarrataí éagsúla na mBallstát sin, ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, liosta a bhunú le haghaidh na ATFCanna, na TGFCanna agus na TGanna sin a iarradh.

(3) Tar éis an liosta a bheith bunaithe, ba cheart don Choimisiún, i gcás iarratais ar chlárú idirnáisiúnta mar ainmniúcháin tionscnaimh i leith ainmneacha atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143, ba cheart dó na hiarratais sin a chomhdú mar ATFCanna le haghaidh fíona agus táirgí talmhaíochta, agus i gcás iarratais ar chlárú idirnáisiúnta mar thásca geografacha i leith ainmneacha atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143, ba cheart dó iad a chomhdú mar TGFCanna le haghaidh fíona agus táirgí talmhaíochta nó mar TGanna le haghaidh deochanna biotáilleacha.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Bunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta d'ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFCanna), tásca geografacha faoi chosaint (TGFCanna) agus tásca geografacha (TGanna) de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1143, atá faoi chosaint faoi dhlí an Aontais, arb ainmniúcháin agus ar tásca iad arb ina leith a chomhdóidh an Coimisiún iarratais ar a gclárú idirnáisiúnta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 (ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus tásca geografacha) lena gcomhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753

An Fhrainc

Táirgí talmhaíochta

— Valençay (ATFC)

— Caviar d'Aquitaine (TGFC)

— Clémentine de Corse (TGFC)

— Huître de Normandie (TGFC)

— Riz de Camargue (TGFC)

— Saucisse de Montbéliard (TGFC)

— Saucisse de Morteau / Jésus de Morteau (TGFC)

Fíon

— Cairanne (ATFC)

— La Clape (ATFC)

— Pic Saint-Loup (ATFC)

— Sable de Camargue (ATFC)

— Terrasses du Larzac (ATFC)

— Vézelay (ATFC)

Deochanna biotáilleacha

— Cassis de Bourgogne (TG)

— Rhum de la Guadeloupe (TG)

— Rhum de la Guyane (TG)

— Rhum de la Réunion (TG)

— Rhum de sucrerie de la Baie du Galion (TG)

— Rhum des Antilles françaises (TG)

— Rhum des départements français d'outre-mer (TG)

An Iodáil

Fíon

— Trentino (ATFC)

Deoch bhiotáilleach

— Nocino di Modena (TG)